

Polasaí Tréadchuraim

Tinneas agus Timpistí:

Ní mór do mhúinteoirí an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi aon timpiste nó tinneas a bhíonn ag scoláire. Déanfaidh an bhainistíocht teagmháil leis na tuismitheoirí agus iarrfar orthu teacht agus a bpáiste a bhailiú ón scoil. Munar féidir sin, déanfar socrúcháin d'fhonn an páiste a thabhairt abhaile (cibé múinteoir a bheadh saor ag an am, nó ball den mbainistíocht). Ní mór don scoil i gconaí uimhreacha theagmhála a bheith aici don tuismitheoir/caomhnóir (nó ionadaí eile ainmnithe – duine fásta freagrach – sa gcás nach bhfuil an tuismitheoir ar fáil).

I gcás éigeandála, tabharfar an scoláire chuig an dochtúr nó ospidéal, agus cuirfear tuismitheoir ar an eolas chomh luath agus is féidir. Ní mór do thuismitheoirí cinntiú go bhfuil an t-eolas riachtanach leighis tugtha acu ar fhoirm chlárúcháin na scoile. Ní mór do thuismitheoirí, i gcás go dtagann aon athrú ar shláinte an pháiste, sin a chur in iúl do údarás na scoile. Tá bindealáin ar fáil do scoláirí i gcás mion-thimpistí (m.sh. le linn ranganna praiticiúla).

Bás:

Beidh tuiscint ag foireann na scoile ar an tionchar a bhíonn ag bás ar mhicléinn agus foireann na scoile, go háirithe más gaol gairid nó comhscóláire atá i gceist. Déanfar gach iarracht comhairleoireacht a chur ar fáil más cuí. Déanaimid comhoibriú leis na húdaráis ábharacha, m.sh. Bord Sláinte an Iarthair, na seirbhísí siceolaíochta, &rl.

Eagraíochtaí Tacaíochta:

Tabharfar cuireadh do ionadaithe eagraíochtaí cosúil leis na *Samaritans*, an AA, *Bord Sláinte an Iarthair*, &rl. chun labhairt le scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí faoi chúrsaí a bhfuil tionchar acu ar shaol an duine óig. Bíonn billeoga eolais le huimhreacha teileafóin a bhaineann le heagraíochtaí tacaíochta ar fáil ins an scoil.

Bulaíocht:

Tá cód frith-bhulaíochta ag an scoil. Tacaimid le haon straitéis frith-bhulaíochta.

Ranganna Teagasc Críostaí, O.S.S.P., O.S.P.S.:

Cuirtear ranganna Teagasc Críostaí, O.S.S.P. agus O.S.P.S. ar fáil ina gcothaitear acmhainní shóisialta agus mhórála na scoláirí. Spreagtar iad chun bheith páirteach i ngníomhaíochta carthanachta, mar chuid d'fhorbairt a gcoinsias shóisialta.